An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 14 Nollaig 2017**
**(OR. en)**

**EUCO 19/1/17**
**REV 1**

**CO EUR 24**
**CONCL 7**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (14 Nollaig 2017)<br>– Conclúidí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcruinniú thuasluaite.

## I. SLÁNDÁIL AGUS COSAINT

Ag eascairt as na conclúidí a ghlac sí i mí na Nollag 2016 agus i mí an Mheithimh 2017, tá athbhreithniú déanta ag an gComhairle Eorpach ar an dul chun cinn atá déanta i réimse na slándála agus na cosanta, agus:

- is díol sásaimh di go bhfuil an buanchomhar struchtúrtha uaillmhianach agus cuimsitheach (PESCO) bunaithe agus cuireann sí i dtreis a thábhachtaí atá sé go gcuirfí chun feidhme na chéad tionscadail; iarrann sí ar na Ballstáit rannpháirteacha beart a dhéanamh de réir a bpleananna náisiúnta cur chun feidhme;
- iarrann sí go leanfaí leis an obair ar an gCiste Eorpach Cosanta agus, go háirithe, go nglacfaí go pras, in 2018, an Clár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta, ionas gur féidir na chéad tionscadail chumais a mhaoiniú in 2019;
- tá sí ag súil go n-éireoidh leis an gComhairle an t-athbhreithniú cuimsitheach ar shásra Athena le haghaidh mhaoiniú na gcostas coiteann a bhaineann le misin agus oibríochtaí míleata an Aontais a thabhairt chun críche;
- iarrann sí go nglacfadh an Chomhairle moladh, in earrach na bliana 2018, maidir le hionstraim thiomnaithe nua a d'fhreastalódh ar na riachtanais don fhothú acmhainní chun tacú leis an tslándáil agus an fhorbairt i ndiaidh 2020;
- iarrann sí go leanfaí leis an obair maidir leis an tacar iomlán de thograí a bhaineann leis an gcomhar AE-ECAT a chur chun feidhme, lena n-áirítear na tograí breise a comhaontaíodh i mí na Nollag;
- iarrann sí ar an Ardionadaí, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an obair maidir le soghluaisteacht mhíleata a thabhairt chun cinn in PESCO agus i gcomhthéacs an chomhair AE-ECAT araon;
- iarrann sí ar an Ardionadaí tuairisc a thabhairt i mí an Mheithimh 2018 ar an obair a rinneadh leis an CBSC sibhialtach a neartú, agus comhshocrú sibhialtach CBSC a dhréachtú in 2018 i gcomhairle leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún.

Fillfidh an Chomhairle Eorpach ar na ceisteanna sin i mí an Mheithimh 2018.

## II. AN GHNÉ SHÓISIALTA, OIDEACHAS AGUS CULTÚR

*Tharraing na ceannairí suntas ar an tábhacht a bhaineann leis an ngné shóisialta, oideachasúil agus chultúrtha dár gcuid beartas ó thaobh muintir na hEorpa a thabhairt i dteannta a chéile agus todhchaí choiteann a thógáil. Faoi na Conarthaí, is iad na Ballstáit fós a bheidh freagrach as na réimsí seo, ach is mór an méid a fhéadfaidh siad a dhéanamh ach oibriú as láimh a chéile, agus prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta á n-urramú go hiomlán ag an am céanna acu.*

### AN GHNÉ SHÓISIALTA

Ag an gcruinniú mullaigh sóisialta in Göteborg, meabhraíodh gur ghá tús áite a thabhairt don duine, an ghné shóisialta den Aontas a fhorbairt a thuilleadh bunaithe ar thiomantas comhpháirteach agus ar inniúlachtaí seanbhunaithe agus an cóineasú a chur chun cinn trí iarrachtaí ar gach leibhéal, lena n-áirítear ó na comhpháirtithe sóisialta. Mar chéim thosaigh, ba cheart dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an méid seo a leanas:

- colún Eorpach na gceart sóisialta a chur chun feidhme ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát, agus aird chuí á tabhairt ar a gcuid inniúlachtaí faoi seach; iarrtar ar an gCoimisiún faireachán iomchuí a mholadh;
- idirphlé sóisialta dea-fheidhmiúil a éascú ar gach leibhéal, lena n-áirítear an 'tús nua don idirphlé sóisialta' ar leibhéal an Aontais;
- dul chun cinn a dhéanamh go pras ar na comhaid shóisialta atá ar feitheamh ar leibhéal an Aontais, agus a bheith faoi réir le scrúdú a dhéanamh ar na tionscnaimh a d'fhógair an Coimisiún ina Chlár Oibre do 2018;
- tabhairt faoin obair leantach a eascraíonn as na tosaíochtaí a leagadh amach i bPlean Gníomhaíochta an Aontais chun dul i ngleic leis an mbearna phá idir na hinscní;
- tuilleadh den bheart de réir ár mbriathair a dhéanamh maidir leis an gClár Oibre Nua Scileanna don Eoraip, agus sinn ag díriú go háirithe in 2018 ar chur chun feidhme an mholta ón gComhairle maidir le conairí uas-scilithe, moladh a bhí dírithe orthu siúd is gainne scileanna.

Fillfidh an Chomhairle Eorpach ar na saincheisteanna sin i mí an Mhárta 2018 chun a áirithiú go ndéanfar an obair leantach.

**OIDEACHAS AGUS CULTÚR**

Is dlúthchuid iad an t-oideachas agus an cultúr den obair a bhaineann le sochaí chuimsitheach, chomhtháite a thógáil agus leis an iomaíocht a chothú ionainn. Chuireamar in iúl in Göteborg go rabhamar toilteanach a thuilleadh a dhéanamh sna réimsí sin ina mbíonn ról tábhachtach forlíontach tacúil ag an Aontas. Dá bhrí sin, iarrann an Chomhairle Eorpach ar na Ballstáit, ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún, de réir na n-inniúlachtaí atá acu faoi seach, dul ar aghaidh leis an obair agus féachaint leis an méid seo a leanas a dhéanamh:

- borradh a chur faoin tsoghluaisteacht agus faoi mhalartuithe le clár cuimsitheach leathnaithe Erasmus+ a bheidh treisithe go mór.
- comhpháirtíochtaí straitéiseacha a neartú ó cheann ceann an Aontais, idir institiúidí ardoideachais, agus spreagadh a thabhairt chun go dtiocfaidh tuairim agus scór "ollscoil Eorpach" chun cinn faoi 2024, chun go mbeidh líonraí d'ollscoileanna arna gcruthú ón mbun aníos ar fud an Aontais a chuirfidh ar chumas na mac léinn céim a bhaint amach trí dhul i mbun staidéir i gcúpla ceann de thíortha an Aontais, rud a chuirfidh le hacmhainn iomaíochais na n-ollscoileanna Eorpacha;
- feabhas a chur ar fhoghlaim na dteangacha ionas go mbeidh dhá theanga Eorpacha, ar a laghad, ag níos mó daoine óga, chomh maith lena dteanga dhúchais;
- soghluaisteacht agus rannpháirtíocht na mac léinn i ngníomhaíochtaí cultúrtha agus oideachasúla a chur chun cinn, lena n-áirítear trí "cárta mic léinn Eorpach" a chruthú;
- comhar na mBallstát maidir le haitheantas frithpháirteach do dhioplómaí ardoideachais agus fágála scoile a chur chun cinn ar leibhéal an mheánoideachais, sa chreat iomchuí;
- an deis atá i mBliain Eorpach na hOidhreachta Cultúrtha a thapú agus cur leis an bhfeasacht faoin tábhacht shóisialta agus eacnamaíoch a bhaineann leis an gcultúr agus leis an oidhreacht chultúrtha.

Iarrtar ar an gCoimisiún tograí le haghaidh moltaí ón gComhairle a thíolacadh, i gcás inarb iomchuí, in earrach na bliana 2018, ionas go bhféadfaidh an Chomhairle iad a ghlacadh a thúisce is féidir.

Iarrann an Chomhairle Eorpach freisin ar an gCoimisiún, an Chomhairle agus na Ballstáit breathnú ar bhearta a d'fhéadfaí a ghlacadh agus ina ndíreofaí ar an méid seo a leanas:

- na dúshláin a ghabhann leis an digitiú, an chibearshlándáil, litearthacht sna meáin agus an intleacht shaorga, ó thaobh scileanna de;
- an gá atá le cur chuige, a bheidh cuimsitheach, a bheidh bunaithe ar an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil agus a bheidh á thiomáint ag an nuálaíocht, i leith an oideachais agus i leith na hoiliúna;
- na creatchoinníollacha dlíthiúla agus airgeadais le haghaidh fhorbairt na dtionscal cultúrtha agus na dtionscal cruthaíoch agus le haghaidh shoghluaisteacht na ngairmithe in earnáil an chultúir.

Díreofar ar cheist na n-acmhainní buiséadacha a theastóidh do na gníomhaíochtaí thuasluaite i gcomhthéacs an chéad chreata airgeadais ilbhliantúil eile.

## III. AN tATHRÚ AERÁIDE

Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an toradh a bhí ar an gcruinniú mullaigh 'One Planet' a tionóladh i bPáras ar an 12 Nollaig 2017 agus a bhí dírithe ar an maoiniú poiblí agus príobháideach a mhéadú chun tacú leis an ngníomhaíocht ar son na haeráide, ag eascairt as COP 23 a tionóladh in Bonn ar an 6-17 Samhain 2017 agus ag tarraingt ar COP 24 a thionólfar in Katowice, áit a ndéanfar pacáiste cur chun feidhme Chomhaontú Pháras a ghlacadh. Athdhearbhaíonn sí go láidir go bhfuil an tAontas gona Bhallstáit tiomanta Comhaontú Pháras a chur chun feidhme go beo agus go beacht agus fanacht ar thús cadhnaíochta sa chomhrac i gcoinne an athraithe aeráide, lena n-áirítear trí thograí reachtacha atá ar feitheamh ar leibhéal an Aontais a ghlacadh.

## IV. IARÚSAILÉIM

Athdhearbhaíonn an tAontas Eorpach go bhfuil sé lántiomanta do réiteach dhá stát a bhaint amach agus, sa chomhthéacs sin, níl aon athrú ar sheasamh an Aontais maidir le hIarúsailéim.